



CATT – PÁIPÉAR (16) – CR

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

AN DARA CRUINIÚ IOMLÁNACH IS FICHE

CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

4 IÚIL 2016

COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an dara Cruinniú Iomlánach is fiche den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 4 Iúil 2016.
2. Ba é an Taoiseach, Éanna Ó Coinnigh TD a bhí i gceannas ar Rialtas na hÉireann agus a bhí ina chathaoirleach ar an gcruinniú. Ba iad an Chéad Aire, Arlene Foster MLA agus an Leas-Chéad-Aire, Martin McGuinness MLA a bhí i gceannas ar Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann. Tá liosta iomlán de chomhaltaí an dá thoscaireacht i gceangal leis seo mar larscríbhinn.
3. Ba é an cruinniú seo an chéad deis a bhí ag Rialtas nua na hÉireann agus Feidhmeannacht nua Thuaisceart Éireann teacht le chéile go foirmiúil agus tuairimí a roinnt maidir le raon leathan ceistanna a bhaineann don dá thaobh, go háirithe i gcomhthéacs chinneadh thoghlacht RA sa reifreann le déanaí AE a fhágáil.

FOCAL TOSAIGH

4. Ag tús an chruinnithe, d'fháiltigh na hAirí ó Rialtas na hÉireann agus ó Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann roimh an deis plé straitéiseach a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheidh ag toradh an reifrinn a tógadh le déanaí do Thuaisceart Éireann agus don chaidreamh idir an dá dhlínse.

scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna maoinithe atá ann le haghaidh infheistíocht gheilleagrach agus bhonneagair.

13. Chomhaontaigh an Chomhairle go dtabharfar an t-eolas is déanaí arís ar na gealltanais faoi Alt E de *Tús Nua* ag an gcéad chruinniú iomlánach eile de chuid CATT.

TIONSCNAMH NA TAIRÍS THIAR THUaidH

14. Thug na hAirí dá n-aire an comhoibriú leanúnach idir oifigigh ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus ó Oifig na Feidhmeannachta le geallsealbhóirí réigiúnacha maidir le treo agus tosaíochtaí réigiún an Iarthuaiscirt.
15. Chomhaontaigh na hAirí gur chóir d'oifigigh shinsearacha ó ranna ábhartha sa dá dhlínse teacht le chéile in éineacht leis an dá Chomhairle mar chuid den Chreat agus thug siad dá n-aire an tiomantas leanúnach do chruinniú d'Airí ón dá dhlínse a thionól san Iarthuaisceart.
16. Thug na hAirí dá n-aire an gealltanas breise faoi *Tús Nua* chun tacú le Tionscnamh na Tairsí Thiar Thuaidh trí Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt a bhunú agus d'fháiltigh siad roimh an €2.5 milliún atá tugtha ag Rialtas na hÉireann agus roimh ghealltanas Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann an tsuim chéanna a thabhairt.

DÁTA AN CHÉAD CHRuINNITHE IOMLÁNAIGH EILE

17. Chomhaontaigh na hAirí go dtionólfar an chéad Chruinniú Iomlánach eile in Ard Mhacha i mí na Samhna.

An Chomhrúnaíocht
4 Iúil 2016

IARSCRÍBHINN A

CRUINIÚ DE CHUID NA COMHAIRLE AIREACHTA THUaidh THEAS CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH – 4 IÚIL 2016

Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann	Rialtas na hÉireann
Arlene Foster MLA An Chéad-Aire	Éanna Ó Coinnigh TD Taoiseach agus Aire Cosanta
Martin McGuinness MLA An Leas-Chéad-Aire	Proinséas Mhic Gearailt TD Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Paul Givan MLA Aire Pobal	Micheál Ó Nuanáin TD Aire Airgeadais
Simon Hamilton MLA Aire Geilleagair	Risteárd de Briotún TD Aire Oideachais
Chris Hazzard MLA Aire Bonneagair	Leo Varadkar TD Aire Coimirce Sóisialaí
Michelle McIlveen MLA Aire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe	Cathal Ó Flannagáin TD Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Máirtín Ó Muilleoir MLA Aire Airgeadais	Pascal Ó Donnchú TD Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Michelle O'Neill MLA Aire Sláinte	Heather Mhic Unfraidh TD Aire Forbartha Réigiúnaí, Gnóthaí Tuaithe, Ealaíon agus Gaeltachta
Claire Sugden MLA Aire Dlí agus Cirt	Síomón Ó hEarchaí TD Aire Sláinte
Peter Weir MLA Aire Oideachais	Micheál Ó Críod TD Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara
Megan Fearon MLA Aire Sóisearach, Oifig na Feidhmeannachta	Donnacha Ó Neachtain TD Aire Cumarsáide, Athraithe Aeráide agus Acmhainní Nádurtha
Alastair Ross MLA Aire Sóisearach, Oifig na Feidhmeannachta	Seán de Rossa TD Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
	Máire Mistéil Ní Chonchubhair TD Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta
	Katherine Zappone TD Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
	Damien Inglis TD Aire Stáit um Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach